C/2024/6982

19.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Samhain 2024

lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO) a chomhlíonadh

(C/2024/6982)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 10 maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal 42 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 4(2)(d) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle le cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na mBallstát rannpháirteach chun na gealltanais a comhaontaíodh a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an sásra ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 6 den Chinneadh sin.

(2) Foráiltear le hAirteagal 6(3) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle, ar bhonn na tuarascála bliantúla ar PESCO arna tíolacadh ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), le hathbhreithniú a dhéanamh uair sa bhliain féachaint an bhfuil na gealltanais is ceangailtí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh sin á gcomhlíonadh fós ag na Ballstáit rannpháirteacha.

(3) Sonraítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle an 20 Samhain 2020 maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO 2020 go bhfuil an tArdionadaí le tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme PESCO a thíolacadh faoi mhí Iúil gach bliain, d'fhonn go nglacfaidh an Chomhairle, faoi mhí na Samhna na bliana sin, an moladh uaithi ina measfar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO a chomhlíonadh. Foráiltear le mír 16 den Mholadh ón gComhairle an 6 Márta 2018 a bhaineann le treochlár chun PESCO a chur chun feidhme ([2]) gur cheart do Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh comhairle mhíleata agus moltaí míleata a chur ar fáil don Choiste Polaitiúil agus Slándála chun chur ar chumas an Choiste an t-athbhreithniú ón gComhairle a ullmhú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na gealltanais is ceangailtí á gcomhlíonadh fós ag na Ballstáit rannpháirteacha.

(4) Foráiltear le mír 26 den Mholadh ón gComhairle an 16 Samhain 2021 a bhaineann le comhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí a tugadh faoi chuimsiú PESCO a sheicheamhú agus lena sonraítear cuspóirí níos beaichte, agus lena n-aisghairtear Moladh an 15 Deireadh Fómhair 2018 ([3]) ('Moladh an 16 Samhain 2021'), go ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a athbhreithniú agus a nuashonrú dá réir agus go gcuirfidh siad in iúl do rúnaíocht PESCO iad faoin 10 Márta 2022, agus go bliantúil ina dhiaidh sin faoin dáta céanna i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315, i bhfianaise an phróisis measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 6(3) den Chinneadh sin. Gach bliain eile, tá ráiteas polaitiúil ardleibhéil le bheith ag gabháil leis na pleananna náisiúnta cur chun feidhme ina bhféadfadh na Ballstáit rannpháirteacha cur síos a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach acu, tosaíochtaí sonracha náisiúnta a lua agus a dtaithí a chomhroinnt maidir le pleanáil agus rannchuidiú le gach gealltanas is ceangailtí a chomhlíonadh.

(5) Foráiltear le mír 28 de Mholadh an 16 Samhain 2021 gur cheart don Ardionadaí an Moladh sin a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar PESCO ó 2022 ar aghaidh, agus tacófar, leis sin, leis an measúnú ar chomhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí ag gach Ballstát rannpháirteach.

([1]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.
([2]) IO C 88, 8.3.2018, lch. 1.
([3]) IO C 464, 17.11.2011, lch. 1.

(6) An 23 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1015 ([4]) lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

(7) An 13 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle a Moladh ([5]) lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha a chomhlíonadh, lena dtugtar treoir maidir le cur chun feidhme PESCO, agus maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO, lena n-áirítear a chuspóir agus a amlíne.

(8) An 20 Márta 2024, thíolaic an tArdionadaí an tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh, inar chuir an tArdionadaí i bhfios go láidir go bhfuil PESCO fós ina chreat ríthábhachtach don chomhar cosanta chun cur leis an gcumas gníomhú agus infheistíocht a dhéanamh le chéile, agus thug an tArdionadaí dá aire gur an-deis é an t-Athbhreithniú Straitéiseach chun PESCO a chur in oiriúint don timpeallacht athraithe agus é a dhéanamh oiriúnach dá fheidhm do na blianta atá le teacht.

(9) An 27 Bealtaine 2024, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le Slándáil agus Cosaint an Aontais, inar chuir sí i bhfios go láidir gur creat lárnach é PESCO chun an comhar cosanta a dhoimhniú idir na Ballstáit rannpháirteacha ar leibhéal an Aontais, feabhas a chur ar ullmhacht oibríochtúil agus idir-inoibritheacht, ar chaiteachas agus infheistíocht i réimse na cosanta, ar fhorbairt cumais, agus ar rannchuidiú a bhfórsaí armtha leis na misin is déine, chomh maith le cuidiú le cultúr straitéiseach comhchoiteann a thógáil. Chuir an Chomhairle treoir ar fáil freisin maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO atá ar siúl faoi láthair, lena dtugtar aghaidh ar na gealltanais níos ceangailtí agus ar na tionscadail chomhoibríocha araon.

(10) An 31 Iúil 2024, chuir an tArdionadaí an Tuarascáil Bhliantúil ar fáil don Chomhairle maidir le stádas chur chun feidhme PESCO ('an Tuarascáil Bhliantúil'), lena n-áirítear maidir lena gcuid gealltanas a bheith á gcomhlíonadh ag gach Ballstát rannpháirteach, i gcomhréir lena bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme a ndearnadh nuashonrú agus athbhreithniú air, chomh maith le moltaí a chur i láthair, ar bhonn chéim mhachnaimh an Athbhreithnithe Straitéisigh, maidir le PESCO a shaincheapadh dá dhara céim ó 2026 go2030 chun freagairt ar bhealach níos fearr ar thimpeallacht slándála atá ag athrú agus chun a chuspóirí a bhaint amach sa chomhthéacs sin.

(11) Ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, moladh a ghlacadh lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO a chomhlíonadh,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

I. Cuspóir agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Mholadh seo measúnú a dhéanamh ar na rannchuidithe arna ndéanamh ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na 20 gealltanas is ceangailtí a tugadh faoi chuimsiú PESCO a chomhlíonadh. Tá an measúnú bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil a chuir an tArdionadaí ar fáil an 31 Iúil 2024 agus ar na Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme a thíolaic na Ballstáit rannpháirteacha in 2024, a raibh ráitis pholaitiúla ardleibhéil ag gabháil leo. I mbliana, tá cuid den Tuarascáil Bhliantúil tiomnaithe d'Athbhreithniú Straitéiseach PESCO.

II. Torthaí agus moltaí

2. Is bonn láidir í an Tuarascáil Bhliantúil chun measúnú a dhéanamh ar stádas chur chun feidhme PESCO, comhlíonadh an 20 gealltanas is ceangailtí san áireamh, lena n-áirítear trí thionscadail PESCO, arna dhéanamh ag gach Ballstát rannpháirteach i gcomhréir lena phlean náisiúnta cur chun feidhme.

3. Tugann an Chomhairle dá haire, i gcomhréir leis an timthriall débhliantúil, go bhfuil ráiteas polaitiúil ardleibhéil ag gabháil le pleananna náisiúnta cur chun feidhme na mBallstát rannpháirteach uile, ráitis ina leagtar amach na príomhrudaí a baineadh amach agus ina luaitear tosaíochtaí sonracha náisiúnta agus rannchuidithe chun na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh. Leagann an Chomhairle béim ar a ábhartha atá pleananna náisiúnta cur chun feidhme atá spriocdhírithe mar bhunús chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn in PESCO agus ar na ráitis pholaitiúla mar bhealach chun an úinéireacht pholaitiúil is gá a áirithiú.

4. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha maidir le cur chuige níos straitéisí agus níos dírithe ar bheartais a ghlacadh ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme, le tacaíocht ó shamplaí de ghníomhaíochtaí nithiúla a rinneadh. Mar sin féin, leagann sí béim ar an ngá atá le hiarrachtaí leanúnacha chun beartais chosanta, straitéisí réamhbhreathnaitheacha agus pleanáil réamhbhreathnaitheach na mBallstát

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1015 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2023 lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (IO L 136, 24.5.2023, lch. 73).

([5]) Moladh ón gComhairle an 13 Samhain 2023 lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO) a chomhlíonadh (IO C, 14.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/994/oj).

rannpháirteach, chomh maith le cuspóirí fadtéarmacha a léiriú ar bhealach níos fearr sna pleananna náisiúnta cur chun feidhme sin. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuideofar lena rún polaitiúil agus leis an bhfís pholaitiúil a chur in iúl maidir le gealltanais a chomhlíonadh. Cuirfidh an cur chuige sin le hinfheictheacht pholaitiúil an tionscnaimh freisin.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur creat lárnach a bhí in PESCO, le linn na tréimhse tuairiscithe, chun an comhar cosanta a dhoimhniú idir na Ballstáit rannpháirteacha ar leibhéal an Aontais, feabhas a chur ar ullmhacht oibríochtúil agus idir-inoibritheacht, ar chaiteachas agus infheistíocht i réimse na cosanta, ar fhorbairt cumais, agus ar rannchuidiú a bhfórsaí armtha leis na misin is déine, chomh maith le cuidiú le cultúr straitéiseach comhchoiteann a thógáil.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle go n-áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil moltaí a bhaineann go sonrach le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO, bunaithe ar thorthaí chéim mhachnaimh an Athbhreithnithe, a rinneadh i gcomhréir le Moladh ón gComhairle an 13 Samhain 2023.

Gealltanais

7. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil comhar níos fearr á dhéanamh faoi chuimsiú PESCO agus go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí sna réimsí gealltanais uile. Ag an am céanna, aithníonn sí go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn chun na gealltanais uile a chomhlíonadh faoi dheireadh an dara céim thosaigh de PESCO, in 2025.

8. Chuige sin, cuireann an Chomhairle an méid seo a leanas in iúl:

(a) mar fhreagairt ar an timpeallacht slándála athraithe, lean formhór mór na mBallstát rannpháirteach dá gcaiteachas cosanta a mhéadú, rud a d'fhág go raibh méadú 10 % ar an gcaiteachas cosanta in 2023 i gcomparáid le 2022. Tá méaduithe breise beartaithe in 2024, agus tuartar go dtiocfaidh méadú 16 % ar an gcaiteachas cosanta, a shroichfidh 1,9 % de OTI an Aontais. Caitheann tuairim is leath de na Ballstáit rannpháirteacha níos mó ná 2 % dá n-olltáirgeacht intíre ar an gcosaint, sprioc a chomhlíonann treoirlíne ECAT ábhartha freisin, i gcás inarb infheidhme. Chaith an chuid is mó de na Ballstáit rannpháirteacha 20 % ar a laghad dá mbuiséad iomlán cosanta ar an infheistíocht i réimse na cosanta, agus ar an gcaoi sin bhain siad amach an leibhéal a leagadh síos sa chomhthagarmharc a bhunaigh Bord Stiúrtha Aireachta GEC in 2007. Tugann an Chomhairle dá haire, dá bhrí sin, gur féidir a mheas go bhfuil an dá ghealltanas ábhartha comhlíonta, nach mór, ag céim thosaigh PESCO.

D'ainneoin méadú foriomlán 28 % ar infheistíocht taighde agus teicneolaíochta i réimse na cosanta san Aontas in 2024, tá an chuid is mó de rannchuidithe na mBallstát rannpháirteach atá le háireamh sa chomhthagarmharc fós faoi bhun 2 %, agus ar an iomlán is é 1,6 % an caiteachas cosanta iomlán a dhéantar. Tá níos mó á chaitheamh ag na Ballstáit rannpháirteacha, ach níl níos mó á chaitheamh acu le chéile: níor tháinig méadú ar líon na dtionscadal comhoibríoch as an méadú ar an gcaiteachas agus ar an infheistíocht i réimse na cosanta. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí soláthair chomhpháirtigh agus ionstraimí nua agus tograí reachtacha ar leibhéal an Aontais, mar shampla an Rialachán lena mbunaítear gníomh um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) agus Rialachán arna mholadh ag an gCoimisiún 'lena mbunaítear an Clár um Thionscal Cosanta na hEorpa agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú' (EDIP), cabhrú leis an gclaonadh sin a aisiompú, agus ar an gcaoi sin tacú le soláthar trealaimh cosanta chomhoibríoch Eorpach (35 %) agus taighde agus teicneolaíocht Eorpach cosanta comhoibríche (20 %) a bhaint amach, tagarmharcanna arna mbunú ag Bord Stiúrtha Aireachta GEC in 2007. Meabhraítear don Chomhairle gur cheart cur go mór le taighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht, mar aon le ceannach go háirithe i gcomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha, agus é sin a bheith mar thosaíocht ag na Ballstáit rannpháirteacha i gcónaí, agus an chothromaíocht cheart a bhaint amach freisin idir nuálaíocht fhadtéarmach i dtaca le cumais amach anseo agus chun go mbeidh go leor trealamh míleata agus stoc-charn, d'fhonn neart a chur freisin le EDTIB.

(b) tá sé léirithe ag na Ballstáit rannpháirteacha go bhfuil feabhas tagtha ar an úsáid a bhaintear as uirlisí agus tionscnaimh forbartha cumais an Aontais mar thagairtí sna próisis náisiúnta, agus tá suim léirithe ag a bhformhór acu féachaint ar an úsáid is fearr a bhaint astu chun tacú lena n-iarrachtaí amach anseo. Ós rud é go n-aithníonn go leor Ballstáit rannpháirteacha go bhfuil tosaíochtaí forbartha cumais an Aontais Eorpaigh 2023 i gcomhréir lena dtosaíochtaí náisiúnta, d'fhéadfadh comhar feabhsaithe a bheith mar thoradh ar an ailíniú sin chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais an Aontais arna sainaithint go comhchoiteann, agus a bheith ag rannchuidiú, ag an am céanna, le riachtanais náisiúnta agus le tosaíochtaí ECAT le haghaidh na mBallstát sin ar comhaltaí de ECAT iad freisin. Meabhraítear don Chomhairle go moltar do na Ballstáit rannpháirteacha leas iomlán a bhaint as uirlisí

agus tionscnaimh thosaíochta an Aontais, go háirithe plean forbartha cumais an Aontais a fheidhmíonn mar thagairt lárnach d'fhorbairt cumais an Aontais, agus próiseas na bpríomhspriocanna á chur san áireamh, chomh maith le moltaí an athbhreithnithe chomhordaithe bhliantúil ar chosaint (CARD) chun pleanálaithe náisiúnta a chur ar an eolas. Tacaíonn sé sin le hiarrachtaí na mBallstát rannpháirteach a bpleananna cosanta a chóineasú, i gcás inar féidir. Meabhraítear don Chomhairle gur áirithíodh agus go n-áiritheofar feasta comhleanúnachas an aschuir, ar thaobh amháin, idir an plean forbartha cumais agus an t-athbhreithniú comhordaithe bliantúil ar chosaint, agus, próisis ECAT sa réimse céanna, mar shampla próiseas pleanála cosanta ECAT, , i gcás ina mbíonn ceanglais fhorluiteacha, ach ag an am céanna cineál éagsúil an dá eagraíocht á n-aithint, lena n-áirítear a bhfreagrachtaí agus a mballraíochta faoi seach.

(c) tá na Ballstáit rannpháirteacha tiomanta d'acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais a chur chun feidhme, ar príomhsprioc insoláthartha den Chompás Straitéiseach í, d'fhonn acmhainneacht oibríochtúil iomlán na hacmhainneachta sin a bhaint amach faoi 2025. Rannchuidigh na Ballstáit rannpháirteacha a thuilleadh le hUainchlár na gCathghrúpaí a líonadh, agus d'fhógair siad modúil náisiúnta bhreise don bhunachar sonraí cuimsitheach, agus ghlac go leor acu páirt sa chéad chleachtadh beo de chuid an Aontais, ar taca é le hullmhú acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais, in 2023. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé iarrachtaí a dhéanamh chun an treocht dhearfach sin a choinneáil ar bun trí ghealltanais leanúnacha a thabhairt i dtaca le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais. Molann an Chomhairle do na Ballstáit rannpháirteacha freisin machnamh a dhéanamh ar an bhfreagracht a thabhairt orthu féin feidhmiú mar chreatnáisiún do Bhuíonta Catha an Aontais. Ag an am céanna, i bhfianaise na mbearnaí criticiúla a bhí roimh fhormhór mhisin agus oibríochtaí CBSC, iarrann sí ar na Ballstáit rannpháirteacha dlús práinneach a chur lena rannchuidithe, agus prionsabal na foinse aonair fórsaí á gcur san áireamh ag an am céanna. Cuideoidh na hiarrachtaí sin go léir le hidir-inoibritheacht, ullmhacht agus éifeachtacht oibríochtúil a mhéadú a thuilleadh. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an bhailchríoch ghasta a cuireadh ar an athmheasúnú ar raon feidhme agus ar shainiú na gcostas coiteann a bhaineann le misin agus oibríochtaí míleata CBSC, le freachnaimh mhíleata agus le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais, agus an leasú ar an gCinneadh ón gComhairle maidir leis an tSaoráid Eorpach Síochána a tháinig as an méid sin. Maidir le próiseas na bpríomhspriocanna, molann an Chomhairle do na Ballstáit rannpháirteacha a rannchuidithe le catalóg na bhfórsaí a mhéadú trí na cumais náisiúnta uile is féidir a imscaradh agus molann sí dóibh na hiarrachtaí pleanála chun aghaidh a thabhairt ar na spriocanna ardtionchair cumais a léiriú ar bhealach níos fearr sna cláir thráscacha náisiúnta.

(d) cé go bhfuil athmheasúnú á dhéanamh ag go leor Ballstáit rannpháirteacha ar a gcuid beartas agus straitéisí chun úsáid níos fearr a bhaint as cur chuige comhoibríoch Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais náisiúnta, i gcás fhormhór na mBallstát rannpháirteach, ní thugtar tosaíocht leordhóthanach fós do chur chuige comhoibríoch Eorpach. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit rannpháirteacha a mbuiséid chosanta mhéadaitheacha a úsáid chun infheistíochtaí a mhéadú le haghaidh réitigh chomhoibríocha Eorpacha, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le timpeallacht chosanta níos comhleanúnaí san Aontas agus spleáchais theicneolaíocha agus thionsclaíocha a laghdú. Chun an cur chuige comhoibríoch Eorpach a neartú a thuilleadh, iarrtar ar na Ballstáit rannpháirteacha freisin leas níos fearr a bhaint as na deiseanna comhoibríocha a mholtar san athbhreithniú comhordaithe bliantúil ar chosaint chun tograí nua a ullmhú don 6ú sraith de thionscadail PESCO atá ar na bacáin.

(e) Lean na Ballstáit rannpháirteacha d'úsáid a bhaint as an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) mar fhóram Eorpach le haghaidh forbairt chomhpháirteach cumais. Treisíodh príomhról GEC mar an nasc cosanta idir-rialtais ar leibhéal an Aontais trína athbhreithniú fadtéarmach, a ghlac na hairí cosanta le déanaí. Tacóidh GEC leis na Ballstáit lena chúig phríomhchúram, a bhaineann le riachtanais chomhroinnte cumais a shainaithint, teicneolaíocht taighde agus nuálaíocht chosanta chomhoibríoch a chumasú, ceanglais a chomhchuibhiú, éileamh a chomhiomlánú i dtreo soláthar comhpháirteach, agus idirghníomhú le beartais shibhialta agus chosanta an Aontais. Moltar do na Ballstáit rannpháirteacha an leas is fearr is féidir a bhaint as ról treisithe GEC ar fud an timthrialla forbartha cumais iomláin, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar chomhleanúnachas an aschuir le ECAT.

(f) trí úsáid leanúnach agus mhéadaithe a bhaint as an gCiste Eorpach Cosanta chun tacú le tionscadail, rannchuidigh na Ballstáit rannpháirteacha leis an gcomhar trasteorann agus le bonn tionsclaíochta teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú. Thairis sin, léiríonn roinnt Ballstáit rannpháirteacha tacaíocht mhéadaitheach do thionscal Eorpach cosanta a bheidh níos comhtháite agus níos láidre, mar is léir freisin óna rannpháirtíocht in ionstraimí agus i dtionscnaimh áirithe, mar shampla an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch agus an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin. Molann an Chomhairle go láidir do na Ballstáit rannpháirteacha iarrachtaí a mhéadú chun a áirithiú go mbeidh tionchar dearfach ag a gcláir chomhair agus a straitéisí fála ar bhonn tionsclaíochta teicneolaíoch na cosanta Eorpaí, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as uirlisí airgeadais an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an Ciste Eorpach

Cosanta agus na huirlisí a beartaíodh sa Rialachán a mhol an Coimisiún 'lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú'. Sna conclúidí uaithi an 27 Bealtaine, ba dhíol sásaimh don Chomhairle cur i láthair na Teachtaireachta Comhpháirtí ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir le Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa agus d'iarr sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair ar fad i gcomhar leis na Ballstáit.

9. Iarrann an Chomhairle ar gach Ballstát rannpháirteach an athuair na torthaí agus na moltaí a cuireadh i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil a chur san áireamh, agus athbhreithniú a dhéanamh dá réir sin ar a rannchuidiú le comhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí.

Tionscadail PESCO

10. Agus Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Thionscadail PESCO an 16 Iúil 2024 ([6]) á tabhairt dá haire aici, is díol sásaimh don Chomhairle dul chun cinn foriomlán na dtionscadal ar fud na réimsí uile, agus tá líon suntasach tionscadal anois ag céim an fhorghníomhaithe. Tugann an Chomhairle dá haire freisin maidir le tionscadail PESCO go bhfuil roinnt acu ann a bhí in ann leanúint le táirgí insoláthartha a chur ar fáil ach go bhfuil moilleanna á dtuairisciú ag roinnt eile.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis a ábhartha atá tionscadail PESCO chun feabhas a chur ar chumais an Aontais sa staid gheostraitéiseach nua, agus a n-athléimneacht agus a n-inoiriúnaitheacht do dhúshláin ilghnéitheacha á léiriú acu ag an am céanna. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearbhaítear ábharthacht leanúnach thionscadail PESCO le méadú suntasach ar leibhéal rannpháirtíochta na mBallstát rannpháirteach le bliain anuas agus go léiríonn roinnt tríú stát gur spéis leo páirt a ghlacadh i dtionscadail shonracha.

12. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le dul i ngleic le himpleachtaí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin i gcomhthéacs PESCO ar fud réimsí éagsúla, lena n-áirítear tionscadail oibríochta PESCO atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil, chun na críche sin, roinnt tionscadal atá ar siúl faoi láthair ag obair chun aghaidh a thabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó d'fhill an chogaíocht ard-déine ar mhór-roinn na hEorpa, go háirithe i réimsí na gcumas lámhaigh indíreach agus na hoiliúna leighis i réimse na talún, san aeriompar straitéiseach, rialú ar aerspás a dhaingniú, taiscéalaíocht, faireachas, agus cumais aimsithe i réimse an aeir, bonneagar criticiúil faoi uisce a chosaint sa réimse muirí, agus cibear-raonta sa chibir-réimse.

13. Meabhraítear don Chomhairle, d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Athbhreithniú Straitéiseach PESCO 2020 a bhaint amach ([7]), go raibh 26 thionscadal chun torthaí nithiúla a bhaint amach nó cumas oibriúcháin iomlán a bhaint amach faoi 2025. Tugann an Chomhairle dá haire go gceaptar faoi láthair go mbainfidh leath de na tionscadail sin an cuspóir sin amach, lena n-áirítear dhá thionscadal a tugadh chun críche go rathúil cheana féin le torthaí insoláthartha in 2024: Lárionad Oibríochtaí EUFOR um Fhreagairt Géarchéimeanna lena rannchuidítear le sásraí braite fórsa de chuid an Aontais a fhorbairt, agus Ceannasaíocht Leighis Eorpach, lena mbunaítear buanchumas leighis lena dtacaítear le comhordú sheirbhísí míleata leighis na mBallstáit. Baineadh úsáid as an gcumas leighis sin cheana féin chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC de chuid an Aontais le linn phaindéim COVID-19 agus cuireadh cúnamh ar fáil don Úcráin tar éis thitim amach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na tíre sin.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil tionscadail PESCO sa chibir-réimse agus sa réimse muirí ag rannchuidiú le cuspóirí bheartais ghinearálta an Aontais a bhaint amach, rud a théann chun tairbhe don réimse míleata freisin, eadhon beartas cibearchosanta an Aontais ([8]) agus Straitéis Slándála Muirí an Aontais ([9]). Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go n-éascófar cur chun feidhme na sraithe nua gníomhaíochtaí a comhaontaíodh i nGealltanas 2024 maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata leis na tionscadail PESCO dar teideal Soghluaisteacht Mhíleata agus Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip ar samplaí iad den chomhar idir tionscadail PESCO.

15. Cuireann an Chomhairle chun suntais go mbainfidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais tairbhe as aschuir thionscadail PESCO agus, ar an gcaoi sin, go ndéanfaidh siad na hacmhainní atá ann cheana a bharrfheabhsú agus a n-éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú. I ndáil leis sin, tá an comhar sin á lorg ag roinnt tionscadal atá ar siúl faoi láthair.

16. Cuireann an Chomhairle chun suntais go gcaithfidh an togra a bheith dea-bhunaithe le leibhéal iomchuí aibíochta agus go gcaithfear amlíne shoiléir a leagan amach chun go n-éireoidh le tionscadail PESCO. Léiríodh é sin le roinnt tionscadal a glacadh i mí na Bealtaine 2023 a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu cheana féin, agus le tionscadal amháin a bhfuil tús curtha lena chur chun feidhme faoi chuimsiú PESCO ó chéim an fhorghníomhaithe.

17. I bhfianaise na hiarrata ar an séú sraith de thograí tionscadail PESCO, a seoladh i mí Iúil 2024, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá do na tionscadail nua comhleanúnachas iomlán a áirithiú le Tosaíochtaí Forbartha Cumas 2023 an Aontais, lena n-áirítear na Spriocanna Ardtionchair Cumais, agus torthaí Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil 2024 ar chosaint (CARD). Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart na deiseanna comhoibríocha a shainaithnítear trí CARD a bheith ina dtreoir ag na Ballstáit do thionscadail nua PESCO, agus go

([6]) Tuarascáil PESCO ar Dhul Chun Cinn maidir le Tionscadail, an 16 Iúil 2024 (12340/24).
([7]) Conclúidí ón gComhairle maidir le hathbhreithniú straitéiseach PESCO 2020, an 20 Samhain 2020 (13188/20).
([8]) Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Beartas an Aontais maidir leis an gCibearchosaint, an 22 Bealtaine 2023 (9618/23).
([9]) Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi, an 24 Deireadh Fómhair 2023 (14280/23).

bhféadfaí leanúint de raon feidhme na dtionscadal atá ann cheana agus é a leathnú. I bhfianaise thimpeallacht na bagartha a bheith ag dul in olcas go tapa agus an gá práinneach atá le feabhas a chur ar ullmhacht cosanta an Aontais, chomh maith le leibhéal uaillmhéine an Aontais a bhaint amach, molann an Chomhairle machnamh a dhéanamh ar thionscadail uaillmhianacha nua a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo lena ndíreofar ar na tionscadail sin lena dtabharfar aghaidh ar na cumais is criticiúla atá ag na Ballstáit rannpháirteacha, chomh maith le cosaint an Aontais agus a shibhialtaigh a áirithiú freisin, agus ar thionscadail chun tacú le hAcmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais agus le misin agus oibríochtaí CBSC, ullmhacht agus idir-inoibritheacht fhórsaí an Aontais chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint.

18. Meabhraítear don Chomhairle go bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO, i gcomhréir leis an nós imeachta cuiridh atá i gCinneadh (CBES) 2020/1639. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag tnúth le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i dtionscadal na Soghluaiseachta Míleata amach anseo, nuair a thabharfar chun críche an tSocraithe Riaracháin, dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2244 ([10]) ón gComhairle.

III. **Athbhreithniú Straitéiseach PESCO**

19. Meabhraítear don Chomhairle an treoraíocht a thug sí i Moladh an 13 Samhain 2023 uaithi maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO, trína ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha measúnú ar chomhlíonadh ghealltanais uile PESCO a leagadh síos don chéim thosaigh, agus gealltanais nua a phlé agus cinntí a dhéanamh ina leith, d'fhonn tús a chur le céim nua i dtreo chomhtháthú slándála agus cosanta na hEorpa, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach.

20. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh an chéim mhachnaimh i gcrích go rathúil, a reáchtáladh ó mhí na Samhna 2023 go mí na Bealtaine 2024, ina ndearnadh plé i measc na mBallstát rannpháirteach ar raon feidhme agus doimhneacht Athbhreithniú Straitéiseach PESCO, agus tugann sí dá haire na moltaí a tháinig as sin a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil.

21. Ag meabhrú di gur cheart PESCO níos straitéisí agus níos éifeachtaí a bheith mar thoradh ar Athbhreithniú Straitéiseach PESCO tar éis 2025, chun bailchríoch a chur ar chéim an chinnidh, cuirfidh an Chomhairle treoir spriocdhírithe ar fáil maidir le todhchaí PESCO trína Conclúidí atá le formheas i mí na Samhna 2024.

IV. **An bealach chun cinn**

22. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an 20 gealltanas is ceangailtí, d'fhonn go gcomhlíonfar iad faoi 2025, chomh maith leis na tionscadail ghaolmhara, agus an Moladh seo á chur san áireamh. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart cabhrú leis na Ballstáit rannpháirteacha na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh leis na tionscadail sin.

23. Cuireadh eolas ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i gcomhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí ó seoladh PESCO in 2017 agus, ar an gcaoi sin, cuireadh i láthair stádas chur chun feidhme PESCO agus an tionscnamh ag druidim le deireadh a chéime tosaigh in 2025. Iarrtar ar na Ballstáit rannpháirteacha, dá bhrí sin, faisnéis ina gcuid clár táscach náisiúnta do 2024 a bhailíochtú agus gan athruithe suntasacha a chur isteach ach amháin ón mbliain roimhe sin, agus béim á leagan ar chúrsaí polaitiúla agus ar chúrsaí a bhaineann le beartas lena n-athraítear nó lena bhfeabhsaítear an léargas foriomlán.

24. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an treoraíocht a leagtar amach sa Mholadh uaithi an 13 Samhain 2023, go háirithe faoi mar a leagtar amach i míreanna 20 go23 de, a bhaineann le gealltanais, tionscadail, comhleanúnachas le tionscnaimh agus próisis eile, agus maoirseacht pholaitiúil fhoriomlán, atá fós bailí. Tathantaíonn an Chomhairle ar na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh a thabhairt ar an treoraíocht sin, in éineacht leis na moltaí a thugtar anseo, agus iarrann sí orthu, a mhéid is féidir laistigh de chéim reatha PESCO, na treoirlínte a leagfar amach sna Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO a chur chun feidhme. Cuideoidh sé sin leis an mbunchloch a leagan síos don dara céim de PESCO, a bhfuil sé beartaithe tús a chur léi in 2026.

([10]) Cinneadh (CBES) 2022/2244 ón gComhairle an 14 Samhain 2022 maidir le rannpháirtíocht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i dtionscadal Soghluaisteacht Mhíleata PESCO (IO L 294, 15.11.2022, lch. 22).

25. I ndáil leis an méid sin, tá an Chomhairle ag tnúth leis an leasú ar ghníomhartha dlí ábhartha PESCO in 2025 ar bhonn na treorach a thabharfar sna Conclúidí uaithi atá le teacht maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO a fhormheasfar i mí na Samhna 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES